Cairt an Fhóraim Leas-Sealbhóirí

Ainm an fhóraim:

Fóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas

Achoimre:

Tugann an fóram seo deis do shampla leathan de charthanais agus leas-sealbhóirí ábhartha eile caidreamh díreach a dhéanamh leis an Rialálaí Carthanas. Cothaíonn agus éascaíonn sé díospóireacht ar shaincheisteanna, treochtaí agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá ábhartha don earnáil carthanas in Éirinn, agus é ag soláthar dearcthaí éagsúla chun cur le tuiscint an Rialálaí Carthanas ar an earnáil. Trí dhíospóireacht agus trí chaidreamh, cinntíonn sé go mbreithnítear tuairimí na hearnála nuair a bhíonn beartais, treoir agus ábhair rialála á bhforbairt ag an Rialálaí Carthanas. Cuireann sé freisin leis an tuiscint atá ag an earnáil ar nithe ó thaobh an Rialálaí de, ar na rialacháin atá i bhfeidhm agus ar conas comhlíonadh a bhaint amach.

Comhthéacs agus Cuspóir:

Is é an fhís atá ag an Rialálaí Carthanas earnáil carthanas a bheith ann atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil. Buntaca le hinmharthanacht na hearnála is ea iontaoibh an phobail. Dá réir sin, is féidir le fadhbanna a bhaineann le carthanas amháin tionchar díobhálach a imirt ar an mórearnáil. Tá iontaoibh agus muinín an phobail as an gcreat rialála do charthanais tábhachtach freisin maidir le dearbhú a thabhairt do thairbhithe, do dheontóirí agus don mhórphobal go bhfuil an earnáil á rialáil go héifeachtach.

Cuimsíonn earnáil carthanas na hÉireann raon éagsúil carthanas. De réir na dtuarascálacha bliantúla a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas don bhliain 2020, níl aon fhostaithe ag ceithre cinn as gach deich gcarthanas atá cláraithe in Éirinn (44%). Tá níos lú ná deichniúr fostaithe ag beagnach aon trian (32%) díobh. Bhí ioncam bliantúil faoi bhun €100,000 ag beagnach leath na gcarthanas uile sa bhliain 2020. Thuairiscigh ceann amháin as gach seacht gcarthanas ioncam os cionn €1 mhilliún. Is féidir go ndéanann rialálaithe eile nó ranna rialtais formhaoirseacht ar charthanais áirithe freisin, rud a fhágann gur féidir go bhfuil an Rialálaí Carthanas ar cheann amháin de roinnt comhlachtaí Stáit a gceanglaítear ar charthanas caidreamh a dhéanamh leo.

Tá sé beartaithe go soláthróidh an fóram seo timpeallacht struchtúrtha inar féidir le carthanais agus leis an Rialálaí Carthanas faisnéis agus tuairimí a mhalartú ar thopaicí atá ábhartha do rialáil na hearnála. Cabhróidh sé le carthanais agus lena n-iontaobhaithe go háirithe na dualgais dhlíthiúla atá orthu faoin Acht Carthanas, agus na dualgais atá orthu faoin gCód Rialachais do Charthanais, a

thuiscint agus a chomhlíonadh. Tabharfaidh sé deis dóibh nithe a tharraingt anuas leis an Rialálaí freisin, lena n-áireofar ábhair imní nó dúshláin a bhaineann le rialáil carthanas agus prionsabail an Chóid Rialachais do Charthanais a chur chun feidhme.

Comhaltas

Cuimseoidh an fóram dháréag iontaobhaithe carthanais ar a laghad agus 20 iontaobhaí carthanais ar a mhéad, mar aon le cathaoirleach neamhspleách a bhfostóidh an Rialálaí Carthanas é/í.

Féachfaimid lena chinntiú go ndéanfaidh comhaltaí ionadaíocht do shampla leathan den earnáil carthanas, a mhéid a bhaineann le cuspóir carthanúil, méid, foirm dhlíthiúil agus limistéar geografach. Tabharfar cuireadh do gach grúpa ionadaíoch ón earnáil carthanas iontaobhaí amháin a ainmniú as measc na gcarthanas ar baill den ghrúpa iad. Is ón mórearnáil carthanas a tharraingeofar na comhaltaí eile. Tabharfar cuireadh do charthanais aonair iontaobhaí amháin a ainmniú. Breithneoidh coiste roghnúcháin na hainmniúcháin, ar coiste é a chuimseoidh an cathaoirleach neamhspleách ar an bhfóram, comhalta amháin de bhord an Rialálaí Carthanas agus comhalta amháin d'fhoireann ardbhainistíochta an Rialálaí Carthanas.

Ní fhéadfaidh carthanas ach ionadaí amháin a bheith aige ar an bhfóram.

Fónfaidh gach iontaobhaí carthanais ar feadh téarma dhá bhliain. Más rud é go mbeidh ar iontaobhaí éirí as le linn a t(h)éarma, féadfaidh a c(h)arthanas comhalta ionaid a ainmniú. Más rud é nach bhféadfaidh a c(h)arthanas ionadaí a ainmniú, ainmneoidh cathaoirleach an fhóraim comhalta ionaid le tacaíocht ó na comhaltaí eile den choiste roghnúcháin. I gcás gurb í eagraíocht ionadaíoch a d'ainmnigh an t-iontaobhaí ar dtús, tabharfar cuireadh don eagraíocht an comhalta ionaid a ainmniú. Déanfar iarracht i ngach cás a chinntiú go ndéanfaidh an fóram ionadaíocht do shampla leathan den earnáil carthanas.

Ceanglófar ar chomhaltaí aon choinbhleachtaí leasa braite nó iarbhír a dhearbhú don Chathaoirleach nó d'fhoireann tacaíochta an fhóraim laistigh den Rialálaí Carthanas a luaithe a thiocfaidh siad chun cinn.

I gcás go mainneoidh comhalta freastal ar dhá chruinniú as a chéile, measfar gur fhorghéill sé/sí a (h)áit. Ainmneoidh cathaoirleach an fhóraim comhalta ionaid le tacaíocht ó na comhaltaí eile den choiste roghnúcháin. I gcás gurb í eagraíocht ionadaíoch a d'ainmnigh an t-iontaobhaí ar dtús, tabharfar cuireadh don eagraíocht an comhalta ionaid a ainmniú. Déanfar iarracht an athuair a chinntiú go ndéanfaidh an fóram ionadaíocht do shampla leathan den earnáil carthanas.

Déanfaidh triúr go hochtar feidhmeannach ionadaíocht don Rialálaí Carthanas, lena n-áireofar an Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh, an Stiúrthóir Gnóthaí Dlí agus Clárúcháin agus an Stiúrthóir um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú, de réir mar is cuí. Freastalóidh an Príomhfheidhmeannach ar chruinnithe nuair is féidir agus freastalóidh na cinn ar aonaid eile laistigh den Rialálaí Carthanas ar chruinnithe nuair is cuí déanamh amhlaidh de réir na míreanna ar an gclár oibre. Is iad luachanna an Rialálaí Carthanas – cuntasacht, cothroime, neamhspleáchas, comhréireacht agus meas – a bhuntacóidh le cur chuige an Rialálaí Carthanas i leith an fhóraim seo.

Is féidir go dtabharfar cuireadh do bhreathnadóirí ó Ranna Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí stáit eile freastal ar chruinnithe i gcás go mbeidh nithe ar an gclár oibre ábhartha dá réimse/réimsí

freagrachta féin. Áireofar leo sin, mar shampla, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Pobal, an Garda Síochána, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Tusla, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, agus an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Róil agus Freagrachtaí

Is é ról an Chathaoirligh a chinntiú go bhfeidhmeoidh an Fóram Leas-Sealbhóirí go héifeachtach chun an cuspóir atá leis a chomhlíonadh.

Déanfaidh comhaltaí ionadaíocht do dhearcadh na gcarthanas atá cosúil lena gcarthanas féin (mar shampla, ó thaobh méide, struchtúir agus ioncaim de) ar nithe a bheidh á mbreithniú ag an bhfóram agus i ndíospóireachtaí gaolmhara, agus comhroinnfidh siad faisnéis ón bhfóram lena gcarthanas féin. Glacfaidh siad páirt ghníomhach i gcruinnithe, agus idirphlé dearfach, gafa agus measúil á chinntiú acu. I gcás nach mbeidh comhaltaí in ann freastal ar chruinniú, tabharfaidh siad fógra don rúnaíocht faoi sin ar bhealach tráthúil agus cuirfidh siad in iúl don Chathaoirleach i gcás go mbeidh siad ag iarraidh an fóram a fhágáil. Ina theannta sin, nochtfaidh siad aon choinbhleachtaí leasa iarbhír nó braite don Chathaoirleach a luaithe a thiocfaidh siad chun cinn.

Éistfidh ionadaithe an Rialálaí Carthanas le díospóireacht agus barúlacha na gcomhaltaí agus breithneoidh siad iad. Ina theannta sin, rannchuideoidh siad le díospóireachtaí ar shlí a gcuirfidh le tuiscint na gcomhaltaí ar an rialáil agus ar conas comhlíonadh a bhaint amach. Tacóidh an Rialálaí leis an bhfóram a reáchtáil freisin, mar shampla trí chruinnithe a eagrú, tríd an gclár oibre a chomhordú agus trína chinntiú go dtabharfar aghaidh ar aon ábhair imní nó aon choinbhleachtaí, nó go réiteofar iad, a luaithe is féidir.

Déanfaidh comhaltaí ar breathnadóirí iad ionadaíocht do thuairimí a roinne nó a n-eagraíochta i ndáil le rialáil na hearnála carthanas.

Cruinnithe

Beidh dhá chruinniú ann in aghaidh na bliana - san earrach agus san fhómhar nó sa gheimhreadh (e.g., Aibreán/Bealtaine; Deireadh Fómhair/Samhain). Mairfidh cruinnithe dhá uair an chloig ar a mhéad. Is féidir go ngairfidh an Cathaoirleach cruinnithe breise. Is féidir go n-iarrfaidh an Rialálaí Carthanas, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, barúlacha nó aiseolas trí ríomhphost de réir mar is gá freisin.

Foilseofar achoimre ar na nithe a pléadh ag gach cruinniú ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas.

Acmhainní

Ní íocfar aon speansais ná aon táillí le haon chomhalta seachas an Cathaoirleach neamhspleách, a n-íocfar leis/léi ar aon dul leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhaltas coiste.

Seolfar cruinnithe ar bhonn hibrideach – i bpearsa agus go fíorúil. I bhformhór na gcásanna, seolfar iad ag oifigí an Rialálaí Carthanas ag 3 Duga Sheoirse (atá suite faoi fhad siúil de Stáisiún Uí Chonghaile agus in aice le stad Luas Dhuga Sheoirse).

Cumhdóidh an Rialálaí Carthanas na costais a bhaineann le sólaistí beaga.

Athbhreithniú

Oibreoidh an fóram ar bhonn píolótach ar dtús agus déanfar athbhreithniú air ag deireadh na chéad bhliana. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Cathaoirleach, an Rialálaí Carthanas agus comhaltaí den fhóram athbhreithniú air gach dhá bhliain.

Tiocfaidh an Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus ag amanna eile, de réir mar is gá, chun aon bharúlacha nó aon cheachtanna a foghlaimíodh a phlé.